AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt 18 Eanáir 2022

2:00in. ar Zoom

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Cathnia Ó Muircheartaigh, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Liam Ó Diomsaigh, Lorraine Finn, Pádraig Mac Grianna agus Peadar Ó Muirí.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird) agus Steph Uí Choinne (Oifigeach Feidhmiúcháin).

Leithscéal: Dairíona Nic Con Iomaire, Elaine Ní Neachtain agus Séamus Ó Fearraigh.

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine chuig an chruinniú ar Zoom.

2. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

3. Miontuairiscí an 7ú Nollaig 2021

Ghlac an Bord le miontuairiscí an 7ú Nollaig 2021 (molta ag B. Ní Ghréacháin agus cuidithe ag D. Nic Craith). Cuireadh in iúl go raibh botún cló le leasú ar leathanach 2 agus thug an Cathaoirleach cead a shíniú leictreonach a chur ar an leagan leasaithe.

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

Chuir an Príomhfheidmeannach in iúl nár chuala sí ar ais ó Choláiste Mhuire gan Smál go fóill i dtaca le hiarratas Rabhlaí Rabhlaí agus ceist an cheadúnais.

5. Uasdátú ón Phríomhfheidhmeannach

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur am gnóthach den bhliain a bhí ann maidir le cuntais dheireadh na bliana agus cúrsaí iniúchóireachta a bhí ag cur brú ar A. Nic Craith. Maidir leis an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, tuariscíodh go raibh na hoifigigh ag plé le scoileanna ar bhonn leanúnach ar líne. Míníodh go raibh an Roinn Oideachais ag forbairt critéar maidir leis an scéim aitheantais agus go raibh cruinnithe idir-ranna le tarlú.

Tuairiscíodh go raibh an obair ar an tairseach ag leanúint ar aghaidh agus go raibh beagnach 1,300 acmhainn curtha suas agus an obair dírithe ar ábhar bunscoile anois. Míníodh go mbeadh an tairseach le seoladh i mí na Bealtaine agus go mbeadh seoladh oifigiúil ann san fhómhar. Ardaíodh ceist an fiú seoladh éigin a bheith ag an Tionól Forbartha agus d'aontaigh B. Ní Ghréacháin go mbeadh sé sin feiliúnach agus go bpléifeadh sí an cheist le foireann COGG sna seachtainí romhainn. Míníodh go raibh Padlet Lá Fhéile Bríde á ullmhú faoi láthair. Cuireadh in iúl go raibh na comhaontuithe eisithe do na téascleabhair nua a dhéanfar i mbliana.

6. Tuairisc an Chathaoirligh

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh sé ag plé leis an Roinn i dtaca le post an Phríomhfheidhmeannaigh agus go mbeadh na hagallaimh ag tarlú sna seachtainí romhainn. Mhínigh sé go raibh cruinniú aige féin agus ag an Phríomhfheidhmeannach le Dalton Tattan maidir le struchtúr na heagraíochta agus go bpléifí sin níos déanaí sa chruinniú inniu. Mhínigh an Cathaoirleach go raibh ainmniúcháin déanta ag eagraíochtaí do Bhord nua COGG.

7. Tuairisc Airgeadais agus Buiséad 2022

Chuir A. Nic Craith an tuairisc airgeadais i láthair an chruinnithe agus tuairiscíodh go raibh 96% den bhuiséad caite ach go raibh airgead fós fágtha. Mhínigh sí go raibh €180,000 de shábháiltí ann le tabhairt ar ais don Roinn. Mhínigh sí gur tuairisc measta a bhí i gceist agus go raibh an buiséad bunaithe ar fhigiúirí na bliana seo caite toisc nach raibh figiúir faighte go fóill do bhuiséad 2022. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le A. Nic Craith as an tuairisc airgeadais agus buiséad a ullmhú.

8. Plé leis an Roinn Oideachais faoi struchtúr COGG

Míníodh gur pléadh struchtúr na heagraíochta le déanaí ag cruinniú le Dalton Tattan. Cuireadh in iúl ag an chruinniú go raibh sé riachtanach go mbeadh Leas-Phríomhfheidhmeannach ag COGG ach míníodh go mbeadh ar DPER an post sin a cheadú. Léiríodh go raibh riosca ag baint leis an struchtúr reatha agus cuireadh ina luí gur de bharr dea-bhainistiú an Phríomhfheidhmeannaigh nach raibh aon deacrachtaí inmheánacha ag an eagraíocht ó thaobh acmhainní daonna de. Roinneadh cáipéis ar an scáileán maidir le struchtúr na foirne agus an trí phost breise atá á éileamh sa chás gnó; is é sin Leas-Phríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir Bunscoile agus Stiúrthóir Iar-bhunscoile. Iarradh aon mholtaí a chur ar aghaidh chuig an Chathaoirleach chun tacú leis an chás gnó sula gcuirfeadh an Príomhfheidhmeannach faoi bhráid na Roinne é.

9. Scéimeanna Áiseanna agus Taighde 2022

Pléadh an scéim sparánachta taighde. Mhínigh an Príomhfheidhmeannach go raibh an Roinn tar éis priarachtaí taighde COGG a lorg sula bhfógraítear iad. Mhínigh an Príomhfheidhmeannach go raibh an próiseas measúnaithe don scéim taighde níos éasca ach go raibh an t-uafás oibre i gceist leis an scéim áiseannna teagaisc toisc líon ard iarratas agus bearnaí eolais sna foirmeacha iarratais srl. Míníodh go dtiteann an t-ualach oibre sin ar S. Uí Choinne agus go bhfuil sé iomarcach i dtréimhse ama ghairid i ngeall ar na hathruithe foirne toisc go mbíodh an Príomhfheidhmeannach lárnach sa phróiseas i gcónaí agus an taithí sin ag imeacht léi. Aontaíodh go bhféadfaí an scéim áiseanna teagaisc a fhógairt ach

bheith an-soiléir ón tús go mbeidh amchlár éagsúil ag baint leis na gnéithe éagsúla den scéim. Míníodh go bhféadfaí plé leis na hiarratais le haghaidh gnáthleabhair léitheoireachta ar dtús agus go mbeidh torthaí réasúnta luath ann dóibh siúd ach nach mbeidh torthaí na n-áiseanna teagaisc eile ar nós cluichí, aipeanna srl ann go dtí an fómhar nó mar sin. Aontaíodh go bhfógrófaí an scéim sparánachta taighde ar dtús agus go mbeadh an dréachtfhógra sin faoi bhráid an Bhoird don chéad chruinniú eile agus go bpléifí na tosaíochtaí taighde leis an Roinn idir an dá linn.

I dtaca le réimsí taighde eile gur gá breathnú orthu, mhínigh an Príomhfheidhmeannach go bhfuil treoir le tabhairt do scoileanna maidir le tacú le páistí le riachtanais speisialta oideachais mar chuid den Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus go bhfuil taighde le déanamh sa ghort sin. Míníodh go mbeadh an treoir le forbairt i pbáirt le NEPS, An Chomhairle Náisiúnta Oideachais Speisialta agus an Feidhmeannas Sláinte. Aontaíodh gur réimse ollmhór taighde atá i gceist. Chuir B. Ní Ghréacháin in iúl gur choimisiúnaigh Gaeloideachas taighde maidir le hacmhainní agus uirlísí measúnachta agus diagnóiseacha agus go pbléifeadh sí staid reatha an taighde sin leis an Phríomhfheidhmeannach.

Cuireadh in iúl go mbeadh Foras na Gaeilge, An Gúm agus DCU ag scaipeadh an tsuirbhé maidir le téascleabhair iar-bhunscoile i measc na n-iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge Dé Luain seo chugainn.

10. Mar a Déarfá

Míníodh go raibh iarratas faighte ag iarraidh deimhniú ó COGG maidir le maoiniú €90,000 don tréimhse Márta 2022 go Márta 2023. Míníodh go raibh castachtaí ag baint leis an tionscadal ach cuireadh in iúl go ndéanfaí céim 3 faoi dheireadh mhí an Mhárta i mbliana. Míníodh go raibh sé i gceist acu oiriúnú a dhéanamh ar leagan Chúige Mumhan agus go mbeidh céim 1 agus 2 déanta acu i gceann bliana. Moladh go gcuirfí maoiniú ar fáil dóibh ar bhonn aon-uaire eile agus go ndéanfaí céim 1, 2 agus 3 laistigh den bhliain sin. Ghlac an Bord leis an mholadh go bhfillfeadh an Príomhfheidhmeannach orthu agus go n-iarrfaí orthu iarratas leasaithe a chur isteach don chéad chruinniú eile le céim 3 san áireamh.

Díreach mar eolas, chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh iarratas maoinithe eile díreach faighte a bheadh le plé ag an chéad chruinniú eile. Iarratas ó Ollscoil na hÉireann, Corcaigh, maidir le modúl a fhorbairt chun stiúrthóirí/cleachtóirí naíonraí a chumasú ó thaobh an tumoideachais sna naíonraí de. Aontaíodh nach raibh mórán ar fáil do na stiúrthóirí naíonraí ó thaobh forbairt ghairmiúil leanúnach de agus go raibh gá le taighde a dhéanamh ina leith.

11. An Clár Riosca

Cuireadh in iúl nach raibh aon uasdátú déanta ar an chlár riosca ó shin.

12. Aon Ghnó Eile

Ghabh an Cathaoirleach leithscéal le C. Ó Muircheartaigh nach raibh a cheist maidir le le scoláireachtaí Gaeltachta do dhaltaí ó Ghaelcholáistí ar chlár an chruinnithe inniu ach tugadh deis dó an cheist a phlé. Roinneadh plécháipéis ar an scáileán agus bhí plé ina leith. Mhínigh sé gur scéim scoláireachta a bhí ann, dírithe ar gach gaelcholáiste/aonad Gaeilge agus tréimhse trí mhí i gceist ó Mheán Fómhair go Nollaig. Aontaíodh go bpléifí an cheist arís ach gur féidir le daoine moltaí a chur ar aghaidh chuig C. Ó Muircheartaigh ina leith. Gabhadh buíochas le C. Ó Muircheartaigh.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le gach duine as freastal ar an chruinniú inniu. Chuir sé in iúl go mbeadh an chéad chruinniú eile ar siúl ar an 17ú Feabhra, aghaidh ar aghaidh, i mBaile Átha Cliath.

Síniú: _____ Dáta: 17 Feabhra 2022

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt 17 Feabhra 2022

11:00rn. in Óstán an Conrad, Baile Átha CLiath

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Cathnia Ó Muircheartaigh, Dairíona Nic Con Iomaire, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Peadar Ó Muirí agus Séamus Ó Fearraigh.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird) agus Steph Uí Choinne (Oifigeach Feidhmiúcháin).

Leithscéal: Elaine Ní Neachtain, Liam Ó Diomsaigh, Lorraine Finn agus Pádraig Mac Grianna.

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine chuig an chruinniú in Óstán an Conrad, Baile Átha Cliath.

2. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

3. Miontuairiscí an 18ú Eanáir 2022

Ghlac an Bord le miontuairiscí an 18ú Eanáir 2022 (molta ag B. Ní Ghréacháin agus cuidithe ag C. Ó Muircheartaigh) agus shínígh an Cathaoirleach iad.

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

Ní raibh aon ní ag éirí as na miontuairiscí. Ritheadh rún comhbhróin le M. S. Mac Donnacha ar bhás a athar, le P. Ó Loideáin ar bhás a bheirt uncal agus le F. Ó Tormaigh ar bhás a chol ceathrair.

5. Uasdátú ón Phríomhfheidhmeannach

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh cuntais 2021 réitithe anois agus go raibh iniúchadh leanúnach á dhéanamh ag DHKN de réir a phlean oibre. Míníodh go raibh an obair ar an tairseach ag leanúint ar aghaidh agus go raibh seoladh oifigiúil le socrú ag tús na scoilbhliana nua. Míníodh go mbeadh seoladh Mol Mata le socrú freisin toisc nár tharla sé sin de bharr na srianta. Maidir leis an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, tuairiscíodh go raibh na hoifigigh ag plé le scoileanna ar bhonn leanúnach ar líne ach go raibh siad ag tosú ar fhilleadh ar na scoileanna. Cuireadh in iúl go raibh cás gnó déanta leis an Roinn le go bhfanfadh Micheál S. Mac Donnacha bliain eile le COGG. Tuairiscíodh

go raibh Treasa Kirk bogtha ón Aonad um Oideachas Gaeltachta chuig rannóg eile laistigh den Roinn agus ritheadh rún buíochais léi as an obair ar fad a rinne sí leis an Aonad.

Ardaíodh ceist faoin fhoireann ag obair ón bhaile agus an gá féachaint ar pholasaí a fhorbairt ina leith. Aontaíodh gur tréimhse eatramhach a bhí ann faoi láthair a mhairfidh roinnt míonna eile agus go gcaithfí a chinntiú go bhfuil an fhoireann sona ina gcuid oibre agus go bhfuil an troscán cuí ar fáil dóibh. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh rath ar an chur chuige maidir le hobair ón bhaile go dáta. Aontaíodh go bpléifí polasaí don obair hibrideach ag an Bhord sa samhradh.

Maidir leis an scéim aitheantais, míníodh go raibh ciorclán bunscoile agus ciorclán iar-bhunscoile réitithe le dul amach agus dhá leabhrán ina bhfuil treoir maidir le haitheantas a bhronnadh ar scoileanna.

6. Tuairisc an Chathaoirligh

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh scéal oifigiúil faighte aige ó Mháire Nic an Rí ag cur in iúl go mbeadh sí ag éirí as a post i mí an Mheithimh. Ghabh an Cathaoirleach buíochas léi as an obair ar fad a rinne sí leis an eagraíocht. Thuairiscigh an Cathaoirleach gur fhág sé glórphost le Treasa Kirk ag gabháil buíochais léi as an obair ar fad a rinne sí leis an Aonad um Oideachas Gaeltachta.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas ó chroí leis na baill Bhoird, agus leis na baill nach raibh i láthair, as an tiomantas agus an saineolas a thug siad le linn a dtréimhsí ar an Bhord. Chuir sé in iúl go raibh sé thar a bheith buíoch as a dtacaíocht ach go háirithe le linn na paindéime. Ghabh sé buíochas le D. Nic Craith agus le K. De Barra as a bheith toilteanach leanúint lena róil ar an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus as bheith ar fáil chun íocaíochtaí a údarú idir an dá linn go dtí go mbeidh socruithe nua i bhfeidhm. Mhínigh sé go raibh sé thar a bheith buíoch do K. De Barra as bheith sásta fanacht mar Chathaoirleach ar an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ghabh sé buíochas le B. Ní Ghréacháin agus le E. Ní Chorráin a bhí mar bhaill den Choiste freisin.

Chuir sé in iúl gur tharla na hagallaimh don phost mar Phríomhfheidhmeannach agus go raibh painéal curtha le chéile ach nach raibh scéal oifigiúil faighte go fóill ina leith. Mheas an Príomhfheidhmeannach go bhfógrófaí an Bord nua agus an Príomhfheidhmeannach nua ar an 1ú Márta ach go mbeadh sí féin éirithe as ag an phointe sin. D'aithin an Bord an riosca sin agus an folús ó thaobh na bainistíochta de agus sa chás go mbeidh tréimhse níos mó ná coicís i gceist, moladh gur gá próiseas eatramhach ceapacháin bheith ann. D'aontaigh an Cathaoirleach go bpléifeadh sé an moladh sin leis an duine cuí sa Roinn.

Chuir an Cathaoirleach in iúl gur ar bhealach gairmiúil, croíúil agus cineálta a chaith an Príomhfheidhmeannach leis i gcónaí agus go raibh sé de phribhléid aige bheith ag obair léi. Thug sé ardmholadh di as dea-thoil na foirne a chothú, as a dúthracht ar fad don eagraíocht, as a tuiscint ar phobal an ghaeloideachais agus ar phobal na Gaeltachta agus as bheith ar fáil do na meáin i gcónaí. Chuir sé in iúl gur thug sí a croí agus a hanam do COGG ó bunaíodh í agus go raibh sé bródúil as a dílseacht. Ghabh an Bord buíochas ó chroí leis an Phríomhfheidhmeannach agus guíodh gach rath uirthi ina caibidil nua. Ghabh an Príomhfheidhmeannach buíochas ó chroí leis an Chathaoirleach agus leis an Bhord.

7. Tuairisc Airgeadais agus Dréachtráitis Airgeadais 2021

Chuir A. Nic Craith an tuairisc airgeadais i láthair an chruinnithe agus tuairiscíodh go raibh buiséad de €2,840,000 ag COGG do 2022 agus €297,000 ag an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta cé nach raibh an litir oifigiúil faighte go fóill. Ghabh sí buíochas le D. Nic Craith agus le K. De Barra as bheith ar fáil le haghaidh íocaíochtaí a údarú sa tréimhse eatramhach.

Rinne sí tagairt do na Dréachtráitis Airgeadais do 2021 agus chuir sí in iúl go mbeadh iniúchadh le déanamh ag Seán Ó Súilleabháin orthu idir seo agus deireadh mhí an Mheithimh. Ghlac an Bord le Dréachtráitis Airgeadais 2021 agus thug an Bord cead iad a chur ar aghaidh chuig Seán Ó Súilleabháin le haghaidh iniúchta (molta ag D. Nic Con Iomaire agus cuidithe ag B. Ní Ghréacháin).

8. Iarratais Mhaoinithe

Pléadh an t-iarratas ar mhaoiniú ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, maidir le modúl oiliúna a fhorbairt i dtumoideachas teanga mionlaigh d'oideoirí luath-óige. Ghlac an Bord leis an mholadh €27,500 a chur ar fáil dóibh in aghaidh na bliana, ar feadh tréimhse 4 bliana (molta ag C. Ó Muircheartaigh agus cuidithe ag D. Nic Con Iomaire).

Maidir le Mar a Déarfá, míníodh gur iarradh orthu iarratas leasaithe don €90,000 a chur isteach mar a aontaíodh ag an Bhord ach gur tháinig an t-iarratas leasaithe déanach inné agus €45,000 breise curtha leis. Léirigh an Bord díomá nár tugadh san áireamh an t-iarratas go gcuirfí plean ar fáil le Céim a 3 a chur i gcrích sa tréimhse Aibreán 2022 go Márta 2023. Thug an Bord moladh do tháirge Mar a Déarfá ach aontaíodh go raibh costas an-ard luaite leis na lámhleabhair agus an t-am a thógfadh sé chun iad a oiriúnú. D'aontaigh an Bord gur cheart oiriúnú teanga a dhéanamh ar leabhair na bpáistí amháin agus go mbeadh na múinteoirí in ann lámhleabhar na múinteoirí a léamh mar atá siad. Aontaíodh go dtabharfaí cuireadh dóibh teacht chuig cruinniú agus cur i láthair a dhéanamh don Bhord nua agus go scríobhfadh an Príomhfheidhmeannach chucu ina leith.

Maidir le hiarratais ar mhaoiniú ó Léigh Leat, cuireadh in iúl go raibh an-tóir ar an suíomh s'acu agus go rabhthas ag moladh go gcuirfí €10,000 ar fáil dóibh do chláir 'Crainn na hÉireann' agus 'Dúlra Cois Farraige' a fhorbairt. Ghlac an Bord leis an mholadh sin.

9. Scéimeanna Áiseanna agus Taighde 2022

Pléadh na réimsí don scéim sparánachta taighde. Ghlac an Bord leis an dá réimse taighde agus aontaíodh go gcuirfí 'na haonaid agus na sruthanna' san áireamh leis an dara réimse. Aontaíodh go bhfógrófaí an scéim sparánachta taighde ar dtús le spioc le haghaidh deireadh mhí an Mhárta luaite leis agus go bhfógrófaí an scéim áiseanna teagaisc go gairid ina dhiaidh sin.

10. Polasaí don Oideachas trí mheán na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht

Mhínigh an Príomhfheidhmeannach nach raibh soláthar áiseanna teagaisc luaite sa Pholasaí don Oideachas trí mheán na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht agus go raibh sé i gceist aici aighneacht a chur isteach go mbeidh tagairt ann dó sin.

11. Tuairisc ón Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tháinig Kevin de Barra i láthair an chruinnithe agus chuir sé tuairisc an Choiste le haghaidh 2021 i láthair an Bhoird. Chuir sé in iúl gur ullmhaigh D. Ó Maolchoille dréachtráitis airgeadais 2020 agus gur cuireadh faoi bhráid na Roinne Oideachais iad faoi sprioc an 28ú Feabhra. Thréaslaigh sé le A. Nic Craith agus leis an Phríomhfheidhmeannach as an chabhair ina leith. Mhínigh sé go ndearna DHKN iniúchadh ar na réimsí seo a leanas le linn 2021: an córas riaracháin deontas, an próiseas pleanála straitéisí, an timthriail ceannaigh go híocaíocht agus an córas um rialú inmheánach agus go raibh torthaí na n-iniúchtaí sin an-sásúil ar fad. Thréaslaigh sé le baill an Choiste agus le foireann COGG as an chomhoibriú ar fad. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le K. De Barra as an tuairisc agus ghabh sé buíochas le B. Ní Ghréacháin, D. Nic Craith agus le E. Ní Chorráin. D'fhág K. De Barra an cruinniú ag an phointe seo.

12. An Clár Riosca

Cuireadh in iúl nach raibh aon uasdátú déanta ar an chlár riosca ó shin. Chuir A. Nic Craith in iúl don Bhord go raibh sceideal ann do na comhaontuithe ar fad maidir le méid airgid, dáta ceadaithe agus tréimhsí i gceist agus go raibh an sceideal céanna ann do na scéimeanna maoinithe freisin.

13. Aon Ghnó Eile

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le gach duine as freastal ar an chruinniú inniu.

Síniú: _____ Dáta:

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Déardaoin 09 Meitheamh 2022

09:15 Óstán Twelve Bearna

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Nóra Ní Loingsigh, Pádraig Mac Grianna, Aodh Mac Craith, Máirín Ní Chéileachair, Edel Ní Chorráin agus Peadar Ó Muirí.

Ar zoom bhí: Eibhlín Nic Gearailt.

Ag freastal: Jacqueline Ní Fhearghusa (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird).

Leithscéalta: Elaine Ní Neachtain, Lorraine Finn, Éanna Ó Cróinín agus Gilbert de Búrca.

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí go léir agus fáilte speisialta roimh na comhaltaí nua agus Eibhlín Nic Gearailt ar an scáileán. Thréaslaigh sé le ceapachán Jacqueline Ní Fhearghusa i ról an Phríomhfheidhmeannaigh agus dúirt go raibh sé ag súil le bheith ag obair léi ina thréimhse deiridh mar Chathaoirleach idir seo agus Nollaig 2022. Thuairiscigh sé go bhfuil an post don Oifigeach Oideachais Bunscoile nua á líonadh faoi láthair agus go bhfuil plé ar siúl leis an Roinn maidir leis an scála tuarastail do phost an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh.

2. Seisiún Ionduchtuithe le Dónall Ó Braonáin

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh Dhónall Ó Braonáin agus an seisiún ar Rialachas Corparáideach. Rinne Dónall Ó Braonáin seisiún ionduchtaithe don Bhord a chlúdaigh:

Rialachas - Sainmhínithe, prionsabail, cóid
An Bord - Rólanna eagraíochtúla, obair an bhoird, fís agus straitéis
Stiúrthóirí - Comhaltaí boird, dualgais ghinearálta, eiticí, coinbhleachtaí, an dualgas muiníne
Cruinnithe - An cathaoirleach, an rúnaí, cruinnithe, an feidhmeannas
Maoirsiú Inmheánach - Córas airgeadais, polasaithe airgeadais, dearbhú, rioscaí
Luacháil agus Feidhmíocht - Táscairí, an tuarascáil bhliantúil, éifeachtúlacht an bhoird, córais luachála eile

3. Cur in aithne na foirne agus forléargas ar obair COGG

Tháinig Oifigigh Oideachais COGG i láthair an chruinnithe agus rinneadar cur síos ar a gcuid oibre.

Frank Ó Tórmaigh – Oifigeach Oideachais (Digiteach)

Máire Nic an Rí – Oifigeach Oideachais Bunscoile

Pádraig Ó Beaglaoich – Oifigeach Oideachais Iar-bhunscoile

Peadar Ó Loideáin - Oifigeach Oideachais Iar-bhunscoile don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta

Ghlac an Cathaoirleach buíochas le M. Nic an Rí atá le atá le dul ar luathscor go luath. Ghabh sé buíochas léi as na blianta oibre a bhí déanta aici do COGG agus ghuígh sé gach rath uirthi ina saol amach anseo.

4. Uasdátú ón bPríomhfheidhmeannach

Ghabh an Príomhfheidhmeannach buíochas leis an bhfoireann. Thuairiscigh sí go raibh plean straitéise 2022-26 idir lámha & go raibh seisiún tobsmaointeoireachta déanta le Caoimhín Ó hEaghra a chuirfeadh go mór leis an réamhobair. Thuairiscigh sí go raibh cruinniú le Dotnet (an comhlacht seachtrach a phléann le cúrsaí TF na hoifige) ag a pléadh cúrsaí slándála digiteach agus bealaí leis an slándáil a neartú. Dúirt sí go raibh plé ag dul ar aghaidh le comhlachtaí caidreamh poiblí d'fhonn comhlacht a cheapadh chun obair leis an bhfeidhmeannas ar phoiblíocht níos éifeachtaí a chinntiú d'obair COGG agus d'fhonn a chinntiú go bhfuil na scoileanna ar an eolas faoi réimse acmhainní oideachais atá ar fáil ag an mbun agus ag an iar-bhunleibhéal. Thuairiscigh sí go raibh ócáidí le heagrú chun Mol Mata & An Tairseach a sheoladh idir Meán Fómhair agus deireadh na bliana. Luaigh sí go bhfuil plé ag ar siúl go hinmheánach maidir leis na féidearthachtaí a bhainfeadh le scéim léitheoireachta agus scríbhneoireachta a fhorbairt do dhéagóirí. Luaigh sí chomh maith go bhfuil leabhar faisnéise le Brendan Ó Dufaigh An Gadaí Bradach, saghas Dialann na Paindéime, (maoinithe ag COGG) le foilsiú – cur síos fíor spéisiúil ar a tharla sa tír seo agus ar fud an domhain ó thús na Paindéime. Tá súil ag an bhfeidhmeannas an leabhar a sheoladh go luath sa scoilbhliain nua. Mhinigh sí go bhfuil cruinnithe socraithe leis na páirtithe leasmhara ó thuaidh chun tógáil ar na páirtnéireachtaí atá forbartha ag COGG leo thar na blianta. Thuairiscigh Jacqueline go bhfuil plé ag dul ar aghaidh go hinmheánach maidir leis na féidearthachtaí a bhainfeadh le Siompóisium ar chúrsaí téarmaíochta a eagrú amach anseo i 2023 nó 2024. Luaigh sí go bhfuil ar siúl leis an rannóg chuí maidir le fógairt phost an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh agus a chinntiú go bhfuil tuarastal cuí luaite leis an bpost.

5. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

Mhínigh an Cathaoirleach an tábhacht a bhaineann leis na foirmeacha *Nochtadh Leasa* a chomhlíonadh agus a sheoladh ar ais agus sa chás nach bhfuil leasa le nochtadh, é sin a chur in iúl trí ríomhphost chuig aisling@cogg.ie .

8. Miontuairiscí an 17ú Feabhra 2022

Ghlac an Bord le miontuairiscí an 17ú Feabhra 2022 (molta ag E. Ní Chorráin agus cuidithe ag P. Ó Muirí) agus shínígh an Cathaoirleach iad.

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

Ní raibh aon ní ag éirí as na miontuairiscí.

6. Ráiteas Airgeadais 2021

Tháinig Seán Ó Súilleabháin i láthair agus chuir sé na ráitis airgeadais do 2021 faoi bhráid an Bhoird. Tharraing sé aird ar an bhfarasbarr agus dúirt sé go bhfuill an riosca ann go gcoimeádfaí siar cuid de bhuiséad COGG agus an farasbarr ag ardú go bliantúil mar atá sé. Le moladh N. Ní Loingsigh & A. Mac Craith, glacadh leis na ráitis airgeadais. Shínigh S Ó Súilleabháin, an Cathaoirleach & E. Ní Chorráin iad.

7. Tuairisc Airgeadais agus Buiséad

Chuir A. Nic Craith an tuairisc airgeadais i láthair an chruinnithe agus tuairiscíodh go raibh buiséad de €2,840,000 ag COGG do 2022 agus €297,000 ag an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus go raibh an litir oifigiúil faighte. Mhínigh sí go raibh buiséad gach rannóg léirithe sa chéad cholún le figiúirí (Buiséad Measta) agus an caiteachas go dtí seo léirithe sa 7ú gcolún. Chuir sí in iúl nach raibh ach 20.66% den bhuiséad caite go dtí seo ach le ceadú na scéimeanna gur chóir go mbeadh athrú ar an scéal i mí Mheán Fómhair.

8. Iarratais Mhaoinithe nach mbaineann leis na Scéimeanna Maoinithe

Thuairiscigh an Príomhfheidhmeannach go raibh léiriú spéise do Scéim na gCuntóirí Teanga á chomhlíonadh aici do Roinn na Gaeltachta. Mhínigh sí de bharr nach bhfuil cead ag COGG daoine a fhostú nach bhféadfaí iarratas iomlán a chur isteach ach go bhféadfai suim a léiriú sa chuid den scéim bainteach le cúrsaí oiliúna agus monatóireachta amháin. D'aontaigh an Bord leis an gcur chuige seo. Dúirt an Cathaoirleach gur léiriú é seo ar dheis nach bhféadfadh COGG a thapú de bharr laincisí foirne agus go bhféadfaí seo a chur san áireamh i gcás gnó níos faide ar aghaidh.

Scaipeadh an t-iarratas (Leasuithe) maoinithe ar COGG ó Bhreacadh ar Leagan na Mumhan de Mar a Déarfá! Céimeanna 1 – 3. Moladh don Bhord go gceadófaí an €90,000 luaite don tuarastal. Tuairiscíodh go n-eagrófaí cruinniú le Breacadh & an GRETB gan mhoill le taifead cruinn, soiléir a choimeád ar an ábhar plé agus aontú an-soiléir a fháil ar cad atá le cur i gcrích. Cheadaigh an Bord an tuarastal agus d'aontaigh go mbeadh an chuid eile ag brath ar aschur ón gcruinniú ar an modh oibre as seo ar aghaidh. Iarradh go láidir go n-aontófaí dáta deiridh don tionscadal. Aontaíodh go raibh gá ag COGG níos mó ionchuir a bheith acu i gcinntí chur chuige. Dúirt an Príomhfheidhmeannach go dtabharfaí tuairisc iomlán ar an dul chun cinn ag an chéad chruinniú eile.

9. Scéimeanna Áiseanna agus Taighde 2022

Phléigh an Bord na moltaí a bhí déanta ag an phainéal neamhspleách measúnóirí ar na hiarratais bhunscoile agus ghlac an Bord leis na moltaí seo a leanas:

Tháinig Pádraig Ó Beaglaoich agus Máire Nic an Rí i láthair an chruinnithe.

Ainm an tionscadail	**Méid iarrtha**	**Méid molta**
Foclóir Gaelscoile (Gaeilge – Gaeilge) *SPLANC*	£11,541 Stg	£8,000 Stg

Leagan Gaeilge den úrscéal grafach grinn DOG MAN # 2 UNLEASHED le Dave Pilkey a fhoilsiú. *Futa Fata*	€8,585	€7,000
Athchló ar an tsraith Lísín: Ní Banphrionsa Mé! AGUS Lísín: Criú nua ar Bord! *Futa Fata*	€5,000	€2,500
Athchló a chur ar an tsraith trí leabhar TRIXIE AGUS TONY le Patricia Mac Eoin: TRIXIE AGUS TONY: SIN CAT DÁNA TRIXIE AGUS TONY: AN MADRA MÍSTEIREACH TRIXIE AGUS TONY: AN CAPALL RÁSA TUIRSEACH *Futa Fata*	€6,000	€6,000
Athchóiriú ar an leabhar tomás na hOrdóige le Nóirín Ní Nuadháin *Deirdre Ní Thuathail - Cló Iar-Chonnacht*	€5,000	€5,000
Na hArrachtaí: An Chailleach, An Vaimpír, An Cnámharlach, Fear an Mhála, An Mumaí, An Zombaí. Sraith sé leabhar do na meánranganna ar théama Oíche Shamhna/Taibhsí/Arrachtaí. *Leabhar Breac*	€15,000	€10,000
Cairde na Coille: Sraith trí phictiúrleabhar ildaite leis na healaíontóirí cáiliúla Ingrid agus Dieter Schubert. *Leabhar Breac*	€12,000	€12,000 agus €3,000 do leabhair mhóra
Eipic! Irisleabhar nuachta i nGaeilge *Stephen Keane - The Primary Planet Ltd*	€25,000	€20,000
Síofra i Scoil na Sióg: Úrscéal do pháistí bunscoile, i dtrátha 25,000 focal *Conchúr Mac Philib*	£4,196 Stg	£4,196 Stg
Dhá leabhar fuaime Gaeilge dar teideal “Ar an bhFeirm” agus “Séasúir na hÉireann” *Risteard Mac Liam*	€20,000	€10,000
Leaganacha Gaeilge den tsraith Miffy *Alun Ceri Jones - Dalen Éireann*	€12,864.50	€9,000
Leagan Gaeilge d'albam Asterix: Comment Obélix est tombé dans la marmite du druide quand il était petit. *Alun Ceri Jones - Dalen Éireann*	€7,547.25	€5,000
Leagan Gaeilge d'albam Asterix: Le Menhir d’Or *Alun Ceri Jones - Dalen Éireann*	€8,218.25	€5,500
Leagan Gaeilge d'albam Asterix: Le Secret de la Potion Magique. *Alun Ceri Jones - Dalen Éireann*	€8,174.25	€5,500
An Crann Cois na Trá (aistritheoir: Fearghas Mac Lochlainn), aistriúchán ar The Tree by the Sea le Debbie Deegan. *Deirdre Ní Thuathail - Cló Iar-Chonnacht*	€5,250	€5,250

Teach Teidí - Leabhar agus dlúthdhiosca/barrachód QR nuascríofa agus nuachumtha do pháistí bunscoile. *Sadhbh Rosenstock le tacaíocht ó Ghael Linn*	€14,773	€12,000
"Scéalta Scanrúla" – Leabhar nuascríofa do pháistí le Gabriel Rosenstock. *Éabhlóid*	€12,618	€9,000
Timlicín agus Scéalta Iontacha Eile (Teideal Oibre). Leabhar de scéalta béaloidis atá roghnaithe ag Suzanne Ní Ghallchóir le léaráidí lándaite le Kim Sharkey. *Éabhlóid*	€12,255	€8,000
"Géaga an Ghiorria" – Scéal draíochtúil i bhfoirm úrscéal grafach do pháistí. *Éabhlóid*	€11,530	€8,000
Dánta Gabriel Rosenstock le pictiúir x 10 *Léighleat*	€2,030	€2,030
Costas cothabhála an tsuímh Léighleat Léighleat	€1,080	€1,000
Urscéal le Conor Kostic - 'Sinéad and the Sword' le n-aistriú agus le cruthú go digiteach. *Léighleat*	€5,562.24	€5,000
Féilire na Bliana – iarratas Féilire Nádúir agus iarratas Ócáidí na Bliana nasctha le chéile in aon iarratas amháin Léighleat		€8,000
Orla Uan i gclós na Feirme - Leabhar + dlúth dhiosca *Orlaith Ruiséal - Oidhreacht Chorca Dhuibhne*	€4,208	€3,700 glactha i bprionsabal ach níos mó eolais le fáil
Preab-leabhair do pháistí ó 3 go 9 mbliana d'aois *Doimnic Mac Giolla Bhríde*	€6,360	€5,500 glactha i bprionsabal ach níos mó eolais le fáil
Suíomhanna staire. Beidh 26 suíomh idirlíne cruthaithe le cuidiú le múineadh agus foghlaim na snáithaonaid ón churaclam staire. *Robbie Irwin*	€16,962	Glactha i bprionsabal ach níos mó eolais le fáil
Is é atá i gceist ná AMBER's Spiral Learning Programme. Sraith pleananna ceachta agus gníomhaíochtaí srl. *Dr. Amy Fahy*	€16,068 go €18,582	Glactha i bprionsabal ach níos mó eolais le fáil

Léigí amach é! An t-ábhar tacaíochta le foilsiú (Roinn A), fuaimrian don ábhar tacaíochta (Roinn A), scéalta foghraíochta x 6 (Roinn B) *Úna Lawlor*	€35,404	Tuilleadh eolais le fáil
Sraith leabhar léitheoireachta (Leibhéal 1 agus 2) céimithe do pháistí cumtha mar chuid den chlár Léigí amach é! Díríonn gach scéal ar fhónaic nó ar ghrúpa litreacha faoi leith sa Ghaeilge. *Niamh Ní Lafáin*	€23,019	Tuilleadh eolais le fáil

Léirigh an Príomhfheidhmeannach coimhlint leasa ach dúirt an Cathaoirleach nach raibh gá di an cruinniú a fhágáil mar nach raibh aon phlé le déanamh faoin dá iarratas ó Ghlór na nGael**:**

Ainm an tionscadail	**Méid iarrtha**	**Méid molta**
Is leabhar léitheoireachta 'Mothúcháin' *Glór na nGael*	€4,700	€4,700
Fillteán foghlama *Siopa Údar, Glór na nGael*	€2,500	€2,500

Ghlac an Bord leis an mholadh i dtaca leis na hiarratais ar diúltaíodh dóibh.

Ainm an tionscadail	**Méid iarrtha**	**Méid molta**
An chéad dá bhanda de Shraith Uí Néill, is é sin, scéim léitheoireachta atá bunaithe ar Fhónaic Theangeolaíochta i gcomhair le focail ardmhinicíochta de chuid CCEA. *Gaelscoil Uí Néill*	£22,089 Stg	Diúltaithe
Míreanna mearaí - léarscáil na hÉireann *Lisheen Toys*	€4,679	Diúltaithe
Aistear Amhránaíochta – Amhráin nuachumtha i nGaeilge do chór scoile agus ceolfhoireann (www.aistearamhranaiochta.ie) *Aran Corcoran*	€12,390	Diúltaithe
Tríológ de leabhair ióga, leabhair dhathúcháin agus cartaí ióga. Bunaithe ar gach leabhar ióga tá leabhar dathúcháin agus cartaí ióga. Is ionann sin agus 9 dtáirge ar fad- 3 leabhar ióga, 3 leabhar dathúcháin agus 3 phaca chartaí ióga. *Ciarán Mac Fhearghusa - Óga Yoga*	€25,000	Diúltaithe
Leagan Gaeilge d'albam Asterix: Les XII Travaux d'Astérix *Alun Ceri Jones - Dalen Éireann*	€10,577.75	Diúltaithe
Is ea "Is Mise Nóinín" leabhar do páistí. Is scéal eachtraíochta é atá bunaithe ar chat a fuair sí í ó Mayo SPCA. *Nicola Ní Mhaolábhail*	€4,552.47	Diúltaithe
Timpeallacht Foghlama 2.0 - is táirge é i bhfoirm leabhair a stiúrann múinteoirí/oiliúnóirí ar conas timpeallacht foghlama a chruthú agus a dhearadh a thacaíonn le riachtanais na ndaltaí laistigh den timpeallacht foghlama sin. *Caoimhín Ó Cuinn*		Diúltaithe
3 leabhrán léitheoireachta dátheangacha *Caoillte & Petra Breatnach*	€18,400	Diúltaithe

An chéad leabhar agus DD a dhéanamh agus a fhoilisiú. Sraith leabhair agus dlúthdiosca darbh ainm Draíocht an Dulrá. *Gráinne Holland*	€20,700	Diúltaithe
Aimsigh an Abairt Cheart. Is clár é seo a thugann deis do pháistí an ábhair fónaice a chleachtadh i mbealach taitneamhach. *Léighleat*	€5,220	Diúltaithe
Cluiche Tomhais Réamhléitheoireachta – Cé Mé (20) *Léighleat*	€3,410	Diúltaithe
Forbairt foclóra. Clár digiteach bunaithe ar leathnú foclóra faoi théamaí /chatagóirí éagsúla an churaclaim *Léighleat*	€5,610	Diúltaithe
Éist agus Abair Cnuasach 1 le Canúintí. *Léighleat*	€2,140	Diúltaithe
Aimsigh an Abairt Cheart. Is clár é seo a thugann deis do pháistí an ábhair fónaice a chleachtadh i mbealach taitneamhach. *Léighleat*	€4,736.51	Diúltaithe
An dara dán/amhrán den tsraith a chur ar fáil in 2022 – leabhair crua le healaín landaite, móide pleananna ceachta agus réimse leathan áiseanna tacaíochta ranga ina gcuimseofaí gnéithe éagsúla comtháite den churaclam. *Paul Quin Noiz Entertainment*	€10,000	Diúltaithe

Gabhadh buíochas le M. Nic an Rí agus d'fhág sí an cruinniú.

Phléigh an Bord na moltaí a bhí déanta ag an phainéal neamhspleách measúnóirí ar na hiarratais iar-bhunscoile agus ghlac an Bord leis na moltaí seo a leanas:

Ainm an tionscadail	**Méid iarrtha**	**Méid molta**
Is leabhar oideachasúil é Ord agus Abairt a bhfuil Sentence Builders agus aonaid fhoghlama chúrsaí litríochta na hiar-bhunscoile ar fáil ann. *Aoife de Buitléir agus Órla de Buitléir*	€8,500	€8,500
Póstaeir Ghaeilge - saintéarmaíocht ábhair don Eacnamaíocht Bhaile *Ashmore Learning*	€2,500	€2,500
Lámhleabhar cluíchí agus straitéisí drámaíochta don Seomra Ranga le Sinéad Ní Ghuidhir - cluíchí agus straitéisí a bhaineann le gníomhaíocht, folláine, cruthaitheacht, foghlaim ar bhonn comhoibríoch. *Deirdre Ní Thuathail - Cló Iar-Chonnacht*	€6,569	€6,569
Splanc - iris don idirbhliain *Gael Linn*	€20,000	€15,000
Aistriúchán ar 4 nóibhille lé húdair iomráiteacha Éireannacha - Open Door go Gaeilge. *Mariel Deegan - New Island Books*	€21,000	€21,000
Leaganacha Gaeilge den tsraith úrscéalta d'aosaigh óga Scott Pilgrim: 1. Scott Pilgrim's Precious Little Life *Alun Ceri Jones - Dalen Éireann*	€11,872.18	€11,872

Bailiúchán de théacsanna ar líne a bheadh mar thacaíocht do mhúinteoirí agus scoláirí a bheadh ag tabhairt fén bPolaitíocht & an tSochaí don Ardteist trí Ghaeilge. *Ógie Ó Céilleachair*	€5,487	€5,487
Aistriúchán/cur in oiriúint don Ghaeilge ar "Rhodes to Language" – leabhar de chluichí teanga. Bunleagan an leabhair scríofa sa Bhéarla. *Dónal Ó Faoláin*	€5,000	€5,000
Aistriúchán ar Chlár Ullmhúcháin Gairme agus Coláiste Reach + *Eimear Sinnott - Durrow Communications*	€24,784.50	€24,784.50
Suíomh cuimsitheach iomlánaíoch don Múineadh & Foghlaim sa Mhata & Eolaíocht *DBG Oid*	€25,000	€15,000
Rása Focal – cluiche focail ar líne don ríomhaire agus do ghléasanna soghluaiste do mhúinteoirí agus do scoláirí. *Linda Keating*	€17,620	€17,620
Vifax don Ghaeilge *Aoife Ní Ghloinn, Lárionad na Gaeilge,Ollscoil Mhá Nuad*	€20,211	€20,211
Clár 'Leadership for Life' - acmhainní agus leabhair saothair le cur ar fáil as Gaeilge. *Bryan Gavin agus David Cunningham - Foróige*	€11,150.26	€11,150.26
Is é atá i gceist ná AMBER's Spiral Learning Programme. Sraith pleananna ceachta agus gníomhaíochtaí srl. maidir le teagasc agus foghlaim STEM. *Dr. Amy Fahy (TCD & SFI)*	€1,445 go €2,049	€2,049
Cén Scéal? Áis don litearthacht a bheidh anseo, é neadaithe san ardán An Scéalaí, a spreagfaidh an scríbhneoireacht agus an scéalaíocht trí shamhlaíocht agus cruthaitheacht an fhoghlaimeora a mhúscailt. *Neasa Ní Chiaráin agus Ailbhe Ní Chasaide*	€13,320	€13,320
Rannóg na bhFoghlaimeoirí - Tuairisc.ie *Tuairisc Bheo Teoranta*	€25,000	€25,000
Aip chuimsitheach ar mhaithe le tuiscint agus aistriúchán teanga acadúil na matamataice idir an Bhéarla, an Ghaeilge agus an tSínis. *Academic Fish Ltd.*	€35,346	Tuilleadh eolais le fáil
Forbairt ar Saoiloibre.ie *Eimear Sinnott - Durrow Communications*	€24,907.50	Tuilleadh eolais le fáil
Dráma leis an teideal oibre 'Réaltóga'. Deirdre Ní Thuathail/Ógie Ó Céilleachair - Cló Iar-Chonnacht	€9,187	Tuilleadh plé le déanamh
Dlús – córas cumhachtach clóscríbhneoireachta. *Seanán Ó Coistín*	€9,000	Tuilleadh plé le déanamh
LARA: Leathnú ar Réimse Ábhar (Iarratas ar mhaoiniú chun cur leis an réimse ábhar atá ag LARA faoi láthair). *Neasa Ní Chiaráin agus Ailbhe Ní Chasaide*	€25,000	Tuilleadh eolais le fáil

Ghlac an Bord leis an mholadh i dtaca leis na hiarratais iar-bhunscoile ar diúltaíodh dóibh.

Ainm an tionscadail	**Méid iarrtha**	**Méid molta**

Sraith físeán don idirbhliain *Micheál Ó Ciaraidh*	€19,950	Diúltaithe
Téacsleabhar don chúrsa ardteistiméireachta eacnamaíochta nua ag an ardleibhéal. *Cian Mac Giolla Bhríde - Gaelcholáiste Reachrann*		Diúltaithe
BARD: Patrún is Cur Chuige, Acmhainní & Gníomhaíochtaí. Séard atá i gceist le 'BARD' ná patrún teanga Gaeilge & cur chuige nua i dtógáil abairte. Tá ról lárnach agus fiúntach ag patrúin i bhfoghlaim teangacha. *Deirdre Ní Ghallchóir*	Suas go €25,000	Diúltaithe
Leaganacha Gaeilge den tsraith úrscéalta d'aosaigh óga Scott Pilgrim: 2. Scott Pilgrim vs the World *Alun Ceri Jones - Dalen Éireann*	€12,699.98	Diúltaithe
Comórtas Aistí *Tuairisc Bheo Teoranta*	€14,650	Diúltaithe

Gabhadh buíochas le P. Ó Beaglaoich agus d'fhág sé an cruinniú.

Scéim Sparánachta Taighde 2022

Phléigh an Bord na moltaí a bhí déanta ag an phainéal neamhspleách measúnóirí ar na hiarratais ar an scéim sparánachta taighde agus ghlac an Bord leis na moltaí seo a leanas:

Téama an taighde	**Méid iarrtha**	**Méid molta**
Na cineálacha tacaíochtaí atá ag teastáil ó pháistí le hUathachas chun ionchuimsitheacht rathúil sa suíomh lán-Ghaeilge a chinntiú. *Gráinne de Búrca, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach*	€5,729	€5,729
Tionchar na paindéime Covid-19 ar an tumoideachas: leanúnachas, teagasc agus foghlaim san earnáil- cá bhfuilimd anois? *Hilary Ní Chonchubhair, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach*	€17,612	€17,612
Foghlaim, sealbhú agus úsáid teanga a shaibhriú i gcomhthéacs na matamaitice sna hardranganna i ngaelscoileanna sa tréimhse iar-phaindéime *Esther Ní Dhulchaointigh, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach*	€17,612	Tuilleadh eolais le cur ar fáil don Bhord
Léigí amach é! Leathnú Foclóra, Cruinneas Foghraíochta i Labhairt na Gaeilge sa mBunscoil, ó Rang 1 (nó na Naíonáin Sinsearacha, an 3ú téarma) go Rang 6: tuiscint, cruinneas labhartha, mar aon le léamh agus scríobh na teanga a chur chun cinn. Dr. Úna Lawlor	€155,688	Diúltaithe ar an mbonn nach bhfeileann an t-iarratas do scéim sparánachta agus go bhfuil an t-iarratas níos feiliúnaí don scéim mhaoinithe

AAC* don Ghaeilge 2: gléasanna cumarsáide do dhaoine uathacha agus do dhaoine gan urlabhra. *Míniú ar AAC: Is gléas cumarsáide dátheangach é an gléas AAC (Augmentative and Alternative Communication) atá i gceist anseo a cheadaíonn dóibh siúd nach bhfuil urlabhra acu abairtí a chur le chéile ar bhunús pictiúr/focal. Labhraítear amach na habairtí le glór sintéiseach. *An t-Ollamh Ailbhe Ní Chasaide, An t-Ollamh Neasa Ní Chiaráin agus an Dr. Emily Barnes*	€174,320	D'iarr an bord go lorgófaí tuilleadh eolais

10. Cúrsaí Rialachais – (sínitheoirí don mhandáid bainc & íocaíochtaí ar líne, ceapadh Coiste Iniúchóireachta & Riosca)

Glacadh le Nóra Ní Loingsigh agus Máirín Ní Chéileachair mar shínitheoirí breise don mhandáid don bhanc agus mar shínitheoirí ar na híocaíochtaí leictreonacha ar AIB. Shínigh an Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach, N. Ní Loingsigh, M. Ní Chéilleachair agus an Rúnaí Boird an Mandáid.

Ceapadh Coiste Iniúchóireachta & Riosca

Tuairiscíodh go bhfuil Cathaoirleach le roghnú don Choiste Iniúchóireachta & Riosca agus go bhfuil an Cathaoirleach chun teagmháil a dhéanamh le cúpla duine. Glac N. Ní Loingsigh le ról ar an gcoiste, ghlac Edel le ról ar feadh tréimhse sealadach. Dúirt M. Ní Chéileachair go mbeadh sí sásta dul in áit E Ní Chorráin nuair is gá.

13. Dátaí cruinnithe

Glacadh leis na dátaí seo a leanas

Déardaoin 8 Meán Fómhair - ar maidin – Marino

Déardaoin 20 Deireadh Fómhair – ar maidin - Marino

Dé Céadaoin 7 Nollaig – An Daingean – ionad le cinntiú

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le gach duine as freastal ar an chruinniú inniu.

Síniú: _____ Dáta:

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

X.44 Mesh Ergonomic Design Office Chair with S-shaped Backrest & Adjustable Lumbar Support Black - HuntOffice Ireland

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Déardaoin 8 Meán Fómhair 2022

11:00 in Institiúid Oideachais Marino

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Nóirín Ní Loingsigh, Lorraine Finn, Pádraig Mac Grianna, Gilbert de Búrca, Máirín Ní Chéileachair, Eibhlín Nic Gearailt agus Peadar Ó Muirí.

Ag freastal: Jacqueline Ní Fhearghusa (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird).

Leithscéalta: Elaine Ní Neachtain, Éanna Ó Cróinín, Aodh Mac Craith agus Edel Ní Chorráin

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine agus fáilte faoi leith roimh Eibhlín Nic Gearailt agus Gilbert de Búrca.

1. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

2. Cur i láthair Taighde
AAC* don Ghaeilge 2: gléasanna cumarsáide do dhaoine uathacha agus do dhaoine gan urlabhra
Tháinig An tOllamh Ailbhe Ní Chasaide, An tOllamh Neasa Ní Chiaráin, an Dr. Emily Barnes, Julie agus Aodhán Mac an Iomaire (lanúin le beirt pháistí le huathachas) i láthair an chruinnithe. Rinneadar cur síos ar an obair atá déanta go dtí seo agus thaispeánadar an gléas cumarsáide ag obair. Mhíníodar an fhorbairt atá le déanamh agus a thábhachtaí agus atá sé an t-ardán seo a bheith ar fáil.

Ag eascairt as roinnt ceisteanna, míníodh go mbeidh leagan Gaeilge agus leagan Béarla ar fáil agus go mbeidh sé dírithe ar gach aoisghrúpa agus go bhféadfadh úsáid níos leithne a bheith ag an ngléas do dhaoine gan cumas urlabhra ar chúiseanna éagsúla ar nós stróc nó timpistí.

D'fhág foireann an taighde an seomra. Aontaíodh nach raibh freastal mar is cuí ann do lucht riachtanais speisialta uathachais. Glacadh d'aon ghuth le leanacht maoiniú a thabhairt don taighde seo.

3. Miontuairiscí an 9 Meitheamh 2022

Ghlac an Bord le miontuairiscí an 9 Meitheamh 2022 (molta ag M Ní Chéileachair agus cuidithe ag N. Ní Loingsigh) agus shínígh an Cathaoirleach iad.

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

Ní raibh aon ní ag éirí as na miontuairiscí.

5. Tuairisc an Chathaoirligh

Léirigh an Cathaoirleach díoma faoin imlitir maidir le díolúine na Gaeilge a eisíodh le déanaí. Tuairiscíodh gur ceapadh Jacaí de Brún mar Oifigeach Oideachais Bunscoile agus gur ceapadh Pádraig Ó Beaglaíoch mar Leas-Phríomhfheidhmeannach. Chuir sé in iúl go bhfuil cead faighte Oifigeach Oideachais Iarbhunscoile a cheapadh i gcomharba ar Phádraig agus go bhfuil cás gnó á dhéanamh ag lorg an dara Oifigeach Oideachais Iar-bhunscoile. Cuireadh in iúl go bhfuil tuairisc bhliantúil an Chathaoirligh seolta chuig an Aire. Tuairiscíodh go bhfuil Plean Straitéise nua le cur le chéile agus lá tobsmaointeoireachta le heagrú leis an mbord idir seo agus an Nollaig. Dátaí le plé.

6. Uasdátú ón bPromhfheidhmeannach

Scaipeadh tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh roimh an chruinnithe. Bhí an Bord sásta go dtugfaí maoiniú do Trend Micro chun aistriúcháin a dhéanamh ar acmhainní a thacóidh le páistí a bheith slán ar líne. Ó thaobh *Gender Equality Matters* de, glacadh leis an moladh ó P. Ó Muirí breathnú ar curriculumonline.ie mar go bhfuil a lán ábhair ar fáil i nGaeilge ar chúrsaí gnéis agus aithint inscne, sula dtabharfaí maoiniú dóibh.

7. Tuairisc Airgeadais agus Buiséad

Chuir A. Nic Craith an tuairisc airgeadais i láthair an chruinnithe. Chuir sí in iúl go raibh ach 41% den bhuiséad caite go dtí seo agus go mbeidh ardú ar sin faoi dheireadh Meán Fómhair.

8. Toghadh an Leaschathaoirligh

Soiléiríodh ról an Leaschathaoirligh – sé sin a bheith ar fáil don Chathaoirleach, seasamh isteach don Chathaoirleach agus freastal ar ócaidí de réir mar is gá. Mhol an Cathaoirleach Máirín Ní Chéileachair mar Leaschathaoirleach.

Le moladh P. Ó Muirí agus cuidiú P. Mac Grianna, toghadh Máirín Ní Chéileachair mar Leaschathaoirleach

9. Scéimeanna Áiseanna agus Taighde 2022

Bailíodh tuilleadh eolais ó na dreamanna thíos mar a aontaíodh ag an gcruinniú deiridh.

Ainm an iarratasóra	Cur síos ar an tionscadal	Méid iarrtha	Méid molta

Orlaith Ruiséal - Oidhreacht Chorca Dhuibhne	Orla Uan i gclós na Feirme - Leabhar + cód QR	€4,208	€4,000
Doimnic Mac Giolla Bhríde	Preab-leabhair do pháistí ó 3 go 9 mbliana d'aois	€6,360	€6,000
Robbie Irwin	Suíomhanna staire. 12 suíomh idirlín le cruthú i mbliana le cabhrú le múineadh agus foghlaim na snáithaonad ón churaclam staire.	€16,962	€8,000
Dr. Amy Fahy (TCD)	AMBER's Spiral Learning Programme. Sraith pleananna ceachta agus gníomhaíochtaí srl.	€16,068	€16,000

Scaipeadh eolas ón bPríomhfhedihmeannach ar Óga Yóga roimh an chruinniú le moladh €10,000 a bhronnadh i mbliana chun trí leabhar a chur i gcló. Molta ag N. Ní Loingsigh agus cuidithe ag E. Nic Gearailt.

Óga Yoga - Ciarán Mac Fhearghusa	Leabhair Ióga, leabhair dathúcháin agus cártaí Ióga. 3 leabhar le cur i gcló i mbliana: 1.Diarmuid agus an Mata Yoga Draíochta san Astráil 2.Diarmuid agus an Mata Yoga Draíochta san Amasóin 3.Diarmuid agus an Mata Yoga Draíochta san Afraic	€25,000	€10,000

Scaip an Príomhfheidhmeannach ríomhphost ar na comhaltaí roimh an chruinniú ag tagairt d'iarratas Úna Lawlor maidir le forbairtí eile ar an áis Léigí Amach é. Le moladh ó M. Ní Chéileachair agus cuidiú N. Ní Loingsigh, glacadh le maoiniú a thabhairt di ach nach sárfófaí €25,000

10. Iarratais mhaoinithe nach mbaineann leis na Scéimeanna Maoinithe

Scaipeadh an t-iarratas ón IFI ar thionscadal scannán agus acmhainní, le tacaíocht ó mhúinteoirí, ag díriú ar an scannán Gaeilge *An Cailín Ciúin* (ACC) & *Arracht*. Moladh €12,000 a thabhairt dóibh. Molta ag P. Mac Grianna agus cuidithe ag P. Ó Muirí.

Scaipeadh an t-iarratas ó OÉ Gaillimh ag iarraidh an scéim sparánachta COGG/MGO a leathnú chun gach ábhar a chur san áireamh agus maoiniú a bhronnadh ar gach mac léinn ar an gcúrsa seachas iad siúd a bhfuil ábhair léinn áirithe acu. Aontaíodh go raibh géarchéim ann ó thaobh múinteoirí iar-bhunscoile le Gaeilge a aimsiú ar fud na hearnála. Ghlac an Bord leis an iarratas agus moladh é a thriail ar feadh 3 bliana agus athbhreithniú a dhéanamh air ansin.

11. Polasaí na Meán Sóisialta le faomhadh

Scaipeadh an leagan is déanaí den pholasaí roimh an chruinniú. Le moladh ó P Ó Muirí agus cuidiú ó L. Finn faomhadh an polasaí seo.

12. An Clár Riosca

Scaipeadh an leagan is déanaí den Chlár Riosca roimh an chruinniú. Moladh riosca uimhir 4 a ísliú, uimhir a 3 a bhaint agus fáil réidh le na cinn ar CoVid atá as dáta.

13. Aon Ghnó Eile

Thuairiscigh an Priomhfheidhmeannach go ndearnadh DHKN iniúchadh ar an gcóras TF agus go bhfuil an tuairisc le cur faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta & Riosca.

Iarradh ar an mbord ar mhaith leo iPads a bheith acu, nó an fearr leo a gcuid gléasanna féin a úsáid. Pléadh Sharepoint a úsáid chun rochtain a fháil ar na cáipéisí seachas iad a sheoladh ar ríomhphost. Iarradh ar na comhaltaí machnamh a dhéanamh ar seo agus go bpléifí arís é.

Mhol an Príomhfheidhmeannach an cruinniú atá beartaithe don Déardaoin 20 Deireadh Fómhair a bheith ar siúl um thráthnóna, le dinnéar ina dhiaidh in óstán i lár na tíre agus lá pleanála a bheith ann ar an Aoine 21 Fómhair leis an bhfoireann chun an chéad chéim eile den phróiseas chun Plean Straitéise a dhearadh, a chur i gcrích. Ta an Rúnaí Boird le teacht ar ais ag na comhaltaí maidir leis na socruithe seo.

Bhí plé ann maidir le dáta an chruinnithe i Mí na Nollag sa Daingean a athrú ón gCéadaoin go dtí an Aoine 2ú nó 9ú Nollaig le dinnéar an oíche roimh ré nó an cruinniú a bheith i mBaile Átha Cliath ar an 7 Nollaig. Seolfaidh an Rúnaí Boird ríomhphost chuig na comhaltaí maidir leis na socruithe seo.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le gach duine as freastal ar an gcruinniú inniu.

Síniú: _____ Dáta:

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Déardaoin 20 Deireadh Fómhair 2022

5:30in san Óstán Athlone Springs

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Nóirín Ní Loingsigh, Lorraine Finn, Pádraig Mac Grianna, Gilbert de Búrca, Máirín Ní Chéileachair, Eibhlín Nic Gearailt agus Peadar Ó Muirí, Éanna Ó Cróinín, Edel Ní Chorráin.

Ag freastal: Jacqueline Ní Fhearghusa (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird).

Leithscéalta: Elaine Ní Neachtain, Aodh Mac Craith & Eibhlín Nic Gearailt.

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine agus fáilte faoi leith roimh Éanna Ó Cróinín.

1. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

2. Miontuairiscí an 8 Deireadh Fómhair 2022

Chuir an Rúnaí Boird in iúl gur leasaíodh ar na miontuairiscí roimh an gcruinniú, gur baineadh an líne '**Ar zoom bhí:** Eibhlín Nic Gearailt'

Ghlac an Bord le miontuairiscí an 8 Deireadh Fómhair 2022 agus shínígh an Cathaoirleach an leagan leasaithe.

3. Ag eascairt as na miontuairiscí

Ní raibh aon ní ag éirí as na miontuairiscí.

4. Tuairisc an Chathaoirligh

Thuairiscigh an Cathaoirleach go bhfuair COGG cuireadh dul os comhair Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge chun ceist na nDíolúintí a phlé i dteannta na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE), An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) & an Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (NAPD). Thuairiscigh sé gur réitíodh agus gur seoladh aighneacht chun na Roinne ag léiriú tuairimí COGG maidir le ceist na nDíolúintí cheana féin. Thuairiscigh sé go raibh cruinniú aige féin agus an Príomhfheidhmeannach le hionadaithe na Roinne chun an cheist a chíoradh agus gur aontaíodh nach mbeadh sé oiriúnach go rachadh COGG os comhair an Chomhchoiste ar an gceist áirithe seo. Scríobhadh litir chuig ag an gcoiste ag rá nach mbeadh COGG i láthair.

Bhí plé gairid ann faoi cheist na ndíolúintí agus aontaíodh arís go raibh COGG den tuairim nár cheart go mbeadh aon díolúine ann ag an mbunleibheal ach go ndéanfaí iarracht gach páiste a spreagadh leis an teanga a fhoghlaim de réir a c(h)umais féin. Luadh mar chuid den phlé go raibh plé áirithe ann maidir le maoiniú Roinne a fháil chun feachtas bolscaireachta a chur sa tsiúl a léireodh buntáistí an dátheangachais, an ilteangachais agus an luach atá le foghlaim na Gaeilge féin mar theanga oidhreachta na tíre. D'aontaigh an Bord go mbeadh an-luach ag baint le hionchur COGG ina leithéid d'fheachtas. Luadh freisin go dtabharfadh sé deis fhiúntach do COGG ardán a fháil le dul i bhfeidhm ar na scoileanna atá ag múineadh trí mheán an Bhéarla.

5. Uasdátuithe ón bPromhfheidhmeannach

Scaipeadh tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh roimh an gcruinniú.

Tuairiscíodh go bhfuil na féidearthachtaí á dtochailt faoi láthair maidir le straitéis mhór uilíoch léitheoireachta agus scríbhneoireacht i gcomhar le Foras na Gaeilge chun leitheoirí óga Gaeilge agus scríbhneoirí óga a spreagadh, agus go dtabharfaí níos mó eolais faoi seo ag an gcéad chruinniú boird eile.

Tuairiscíodh go bhfuil na seirbhísí tacaíochta á gcónascadh agus go mbeidh suas le 400 duine ag obair le chéile mar eagraíocht amháin (OIDE) ó Mheán Fómhair 2023 ar aghaidh. Aithnítear an tábhacht a bhaineann le COGG a bheith mar chomhpháirtí lárnach ag OIDE agus in aon athruithe eile atá beartaithe i leith seirbhísí taca do scoileanna.

Bhí plé ann faoin bPolasaí nua don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Tuairiscíodh go bhfuil suirbhé ar líne le comhlánú ag an bpobal ar gov.ie/POLG. Tugadh aitheantas do thábhachta cheisteanna áirithe ar nós soláthar Aonaid Lán-Ghaeilge agus an easpa soláthar iar-bhunoideachais trí Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, agus na dúshláin agus impleachtaí a bhaineann le don Ghaeilge, mar a bhaineann le dréachtsonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 na hArdteistiméireachta.

Tuairiscíodh go n-iarrfar ar T.J. Ó Ceallaigh, Muiris Ó Laoire & Máire Uí Chonghaile, cur i láthair a dhéanamh ag an gcéad chruinniú eile ar an taighde atá ar bun acu "*An fhoghlaim ghairmiúil a aithint, a threorú, a bhainistiú agus a cheiliúradh san Aonad Lán-Ghaeilge"*.

6. Tuairisc Airgeadais agus Buiséad

Chuir A. Nic Craith an tuairisc airgeadais i láthair an chruinnithe. Chuir sí in iúl go raibh 54% den bhuiséad caite go dtí seo. Thuairiscigh si go bhfuil ós cionn 800,000 fós le caitheamh roimh dheireadh na bliana.

7. Polasaithe le faomhadh

Scaipeadh na polasaithe ar na comhaltaí roimh ré.

Le moladh M. Ní Chéilleachair & cuidiú N. Ní Loingsigh glacadh leis an bpolsaaí Buanorduithe do Bhord COGG.
Le moladh P. Ó Muirí & cuidiú P. Mac Grianna glacadh le Feidhmeanna Tairmligthe an Phríomhfheidhmeannaigh.
Le moladh L. Finn & cuidiú E. Ní Chorráin glacadh leis an leagan leasaithe de Théarmaí Tagartha don Bhord
Le moladh N. Ní Loingsigh & cuidiú E. Ní Chorráin glacadh le Sceideal Nithe Coimeádtha an Bhoird.

8. An Clár Riosca

Thuairisc A. Nic Craith go bhfuil aon uasdátú a moladh ag an gcruinniú ar 8 Meán Fómhair curtha i bhfeidhm ar an gclár. Scaipfear arís é roimh an chéad chruinniú eile.

9. Aon Ghnó Eile

Cuireadh iarratas faoi bhráid an Bhoird ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) ar mhaoiniú do chomórtas Spraoi 2023, sraith de chomórtais Ghaeilge dírithe ar iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lánGhaeilge. Bhí rath iontach ar an gcomórtas seo le linn COVID-19 agus ba mhian le Bord Oideachais agus Oiliúna Éireann an comórtas seo a fhorbairt agus a leathnú. Aontaíodh go dtabharfaidh COGG maoiniú don chomórtas seo agus go gcoimeádfaí an Bord ar an eolas faoin dul chun cinn.

Cuireadh fáilte roimh Phádraig Ó Beaglaoich agus tréaslaíodh leis as an ardú céime mar Leas-Phríomhfheidhmeannach ar COGG. Ghabh sé leithscéal as a bheith déanach don chruinniú de bharr go raibh sé gafa ag déanamh cur i láthair ag Comhdháil an NAPD an tráthóna sin. Thuairiscigh sé gur éirigh go han-mhaith leis an gComhdháil agus go raibh neart príomhoidí ó ghaelcholáistí agus scoileanna Gaeltachta i láthair, agus iad an-sásta cloisteáil faoi na pleananna atá ann Comhdháil mhór a reáchtáil in Aibreán 2023 chun guth a thabhairt don bhainistíocht shinsearach i iar-bhunscoileanna agus in Aonaid lánGhaeilge.

Ghabh an Príomhfheidhmeanach buíochas le Máire Nic an Rí as ucht na hoibre a rinne sí ar sheoladh Mol Mata, le déanaí i Scoil Náisiúnta na Rinne, agus an obair leanúnach eile atá fós ar siúl aici do COGG a bhí an-luachmhar ar fad.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le gach duine as freastal ar an gcruinniú inniu.

Síniú: _____ Dáta:

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé hAoine 9 Nollaig 2022

10am – 1.30pm, An Díseart, Daingean Uí Chúis

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach) (DÓH), Lorraine Finn (LF), Peadar Ó Muirí (PÓM), Éanna Ó Cróinín (EÓC), Edel Ní Chorráin (ENC), Aodh Mac Craith (AMC), Eibhlín Nic Gearailt (ENG)

Ag freastal: Jacqueline Ní Fhearghusa (Príomhfheidhmeannach), Pádraig Ó Beaglaoich (Leas-Phríomhfheidmheannach agus Rúnaí Taifeadta) Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird)

Leithscéalta: Elaine Ní Neachtain (ENN), Gilbert de Búrca (GdB), Máirín Ní Chéileachair (MNC), Nóra Ní Loingsigh (NNL), Pádraig Mac Grianna (PMG)

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh chách agus go speisialta chuig suíomh an chruinnithe i nDaingean Uí Chúis.

1. Coimhlint leasa

Deimhníodh nach raibh aon choimhlint leasa fógartha ag duine ar bith maidir le clár an chruinnithe.

2. Miontuairiscí an 20 Deireadh Fómhair 2022

Ghlac an Bord le miontuairiscí an 20 Deireadh Fómhair 2022 agus shíníogh an Cathaoirleach an leagan leasaithe.

3. Ag eascairt as na miontuairiscí

Tugadh cur síos ar ionchur a thug COGG os comhair Chomhchoiste Dála ar cheist na ndíolúintí. Cuireadh polasaí agus seasamh COGG i láthair an Chomhchoiste. Beidh an cheist le plé arís ag leibhéal an Bhoird.

4. Tuairisc an Chathaoirligh

Thuairiscigh an Cathaoirleach an tuairisc is cothroime chun dáta s'aige. Cuireadh fáilte faoi leith roimh na baill foirne nuacheaptha uile. Treisíodh an tábhacht nach beag a bhaineann leis an gcomhairliúchán reatha ar an bPolasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge. Chuir an Cathaoirleach a bhuíochas oifigiúil in iúl do bhaill foirne COGG, iar-bhaill foirne COGG, baill reatha an Bhoird, iar-bhaill an Bhoird agus daoine a d'oibrigh go dlúth leis le linn a thréimhse mar Chathaoirleach.

5. Uasdátuithe ón bPromhfheidhmeannach

Scaipeadh tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh roimh ré agus tugadh coimriú ag an gcruinniú maidir leis an obair reatha atá idir chamáin i réimsí oibre éagsúla na heagraíochta. Tugadh aitheantas faoi leith d'oifigigh oideachais nua COGG a earcaíodh le tamall anuas. Aithníodh go gcuirfidh seo le cumas na heagraíochta seirbhís éifeachtach a sholáthar do scoileanna agus geallshealbhóirí eile agus luadh go mbeifear ag súil le bheith ag saothrú leo go léir. Tagraíodh don chruinniú poiblí a eagraíodh le déanaí i mBaile Átha Cliath le feasacht an phobail a ardú maidir le próiseas comhairliúcháin an Pholasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge. Gabhadh buíochas le gach duine de bhaill an Bhoird agus de na baill foirne

as a gcuid tacaíochta ó thús thréimhse an Phríomhfheidhmeannaigh nua. Tugadh aitheantas faoi leith don Chathaoirleach Dónal Ó hAiniféin as an tiomantas agus díocas a léirigh sé le linn a thréimhse cathaoirleachta, tréimhse a chonaic fás agus forbairt mhór ar COGG.

6. Tuairisc Airgeadais agus Buiséad

Chuir an tArd-Oifigeach Feidhmiúcháin an tuairisc airgeadais is cothroime le dáta i láthair an chruinnithe mar aon le coimriú ar an gcaiteachas agus ar an mbuiséad. Tuairiscíodh go raibh 68% de bhuiséad na bliana seo caite agus go raibh sciar suntasach le caitheamh faoi dheireadh na bliana, agus go mbeadh tuarastal mar chuid mhór den chaiteachas a bhí fós le déanamh.

7. Cur i láthair ar na hAonaid lán-Ghaeilge

Cuireadh fáilte roimh Mháire Uí Chonghaile (Coláiste Mhuire gan Smál), a rinne tuairisc chun dáta a roinnt ar an dul chun cinn atá déanta ar an taighde atá ar bun ag T.J. Ó Ceallaigh, Muiris Ó Laoire agus Máire Uí Chonghaile: *An fhoghlaim ghairmiúil a aithint, a threorú, a bhainistiú agus a cheiliúradh san Aonad Lán-Ghaeilge.* Tugadh coimriú fairsing ar leithead an taighde atá idir lámha agus cúlra na ceiste seo. Léiríodh na dúshláin agus na castachtaí a bhaineann leis an soláthar reatha sna haonaid lán-Ghaeilge. Bhí plé tairbheach ag an mBord leis an taighdeoir agus ardaíodh roinnt ceisteanna le bheith ag machnamh orthu. Deimhníodh go mbeidh an Bord ag tnúth go torthaí deiridh an taighde a fheiceáil in am tráth, agus tréaslaíodh a gcuid oibre go nuige seo leo.

8/9. An Polasaí don Oideachas Gaeltachta agus An Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge

Bhí plé i measc an Bhoird ar fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus mar atá scoileanna i gcatagóirí éagsúla ag cruthú maidir leis an gconair forbartha i ndáil le haitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach. Aithníodh go raibh dúshláin níos mó le sárú ag scoileanna áirithe thairis a chéile agus go bhfuil scoileanna Gaeltachta ann atá ag céimeanna difriúla ar an aistir chun na critéir theanga bhunaithe go léir a chur i gcrích. Ardaíodh ceisteanna fónta maidir le dul chun cinn, aitheantas, earcaíocht múinteoirí agus dearcadh na scoláirí i leith na scéime aitheantais. Déanfar tuilleadh cíoradh ar na ceisteanna agus rachfar chun cainte leis an an AOG agus ÚnaG ar chuid de na saincheisteanna a ardaíodh. Dearbhaíodh go bhfuil saincheisteanna faoi leith ar féidir foghlaim uathu nuair a bheifear ag ceapadh agus ag forfheidhmiú an Pholasaí don Oideachas lán-Ghaeilge, i ndiaidh thréimhse an phróisis chomhairliúcháin.

10. Scéimeanna maoinithe COGG 2023

Lorgaíodh tuairimí an Bhoird maidir le scéimeanna maoinithe COGG 2023 – **(1)** acmhainní teagaisc agus **(2)** taighde. Beidh tuilleadh plé agus cíoradh le déanamh ar an gceist seo ag an gcéad chruinniú Boird eile i mí Feabhra 2023 agus beidh na scéimeanna maoinithe á bhfógairt i mí an Mhárta 2023. I measc na bhféidearthachtaí (**1)** a luadh: acmhainní spriocdhírithe léitheoireachta agus scríbhneoireachta (bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal), acmhainní súgartha agus spraiúla (luathbhlianta), tacaí breise i dtaobh na trasnála ón mbunleibhéal go dtí an iar-bhunleibhéal agus **(2)**: múineadh theangacha Eorpacha agus iasachta i mbunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

11. Polasaithe le faomhadh

Scaipeadh na polasaithe ar na comhaltaí roimh ré. Chuir an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna Chathaoirleach an Bhoird agus polasaithe eile i láthair an chruinnithe agus míníodh an chúis gurb ann dóibh. Moladh go mbainfí an téarma 'Scileanna' ó An Roinn Oideachais agus Scileanna ionas go mbeidh teideal leasaithe na Roinne le sonrú ar an gcáipéis reatha agus glacadh leo: An Roinn Oideachais. **Molta:** EÓC **Cuidithe:** ENC

Ina theannta sin, cuireadh feidhmeanna bhaill Bhoird COGG i láthair an chruinnithe. **Molta:** AMC **Cuidithe:** ENG

12. Tuairisc CIR

Thug ENC tuairisc ó bhéal don Bhord ar obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR). Deimhníodh go raibh dhá chruinniú tarlaithe ó thús thréimhse an Bhoird reatha – 12 Deireadh Fómhair agus 6 Nollaig. Tuairiscíodh go raibh cuir i láthair faighte ar na hiniúchtaí go dáta ón gcuideachta DHKN agus go raibh freagraí sásúla ón bhfoireann bhainistíochta. Aithníodh go bhfuil cuid mhór polasaí á n-uasdátú agus cinn nua á gceapadh, ach go bhfuil dul chun cinn leanúnach ag tarlú anseo. Sonraíodh go mbeadh tuairisc scríofa á soláthar go bliantúil ag an gCoiste CIR agus deimhníodh go gcuirfí an tuairisc faoi bhráid an Bhoird san athbhliain.

13. An Clár Riosca

D'ardaigh an tArd-Oifigeach Feidhmiúcháin an clár riosca leis an mBord. Aithníodh go bhfuil riosca maidir le foireann atá ag méadú, agus go mbeidh gá dá réir le lámhleabhar foirne, clár ionduchtaithe agus línte soiléire tuairiscithe. Deimhníodh don Bhord go bhfuil tús curtha leis an obair sin go léir agus go gcuirfear leis go suntasach an bhliain seo chugainn.

14. Seisiún gan an feidhmeannas

D'fhág an feidhmeannas an seomra cruinnithe agus phléigh an Bord feidhmíocht na heagraíochta agus an fheidhmeannais. Glacadh nótaí le linn an tseisiúin seo.

15. Aon Ghnó Eile

- Cuireadh dhá iarratas ar mhaoiniú i láthair an Bhoird:
  (1) Chuir an Leas-Phríomhfheidhmeannach iarratas ó Ghlór na nGael ar mhaoiniú i láthair maidir le hathsholáthar a dhéanamh ar *Monopoly as Gaeilge*. Pléadh tairbhe oideachasúil an chluiche mar acmhainn foghlama spraiúil agus an rath atá air – faomhadh d'aon ghuth an t-iomlán a lorgaíodh: **€12,985**.
  (2) Iarratas ón Áisaonad ar mhaoiniú maidir le hathchló ar Bhanda 3 den Chlár Luathléitheoireachta, a bhfuil oireadh sin ratha air. Is clár céimnithe é an Clár Luathléitheoireachta, a bhfuil an-ráchairt air mar gheall ar an chéimniú agus struchtúr ann atá ag teacht le taighde agus moltaí *Breith ar an Léitheoireacht*. Pléadh tairbhe oideachasúil na hacmhainne agus faomhadh d'aon ghuth an t-iomlán an lorgaíodh: **£57,750 Stg.**

- Tugadh uasdátú ar phróiseas ceapacháin reatha an Chathaoirligh nua ar COGG agus deimhníodh go raibh sé idir lámha ag PAS agus go rabhthas ag súil go mbeadh Cathaoirleach nua fógartha roimh an Nollaig.

- Moladh an 2 Feabhra 2023 mar dháta sealadach don chéad chruinniú Boird eile ach aithníodh go bhféadfadh athrú teacht ar an scéal de bharr próiseas ceapacháin an Chathaoirligh.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le gach duine as freastal ar an gcruinniú inniu agus ghuigh sé beannachtaí na Féile agus na hathbhliana ar chách.

Síniú: _____ Dáta:

Máirín Ní Chéileachair**, Leas-Chathaoirleach**